English version follows

Taispeántas 'Súil Charad'

Tugadh ard-mholadh do thaispeántas agus leabhrán úr, *Súil Charad*, de chuid POBAL, grúpa abhcóideachta na Gaeilge, nuair a seoladh i Leabharlann Halla an Línéadaigh i mBéal Feirste é ar 19/5/11. Dúirt Janet Muller, Príomhfheidhmeannach POBAL, 'Bheartaigh POBAL ar chuid de phictiúr fhorbairt na Gaeilge thar roinnt céadta bliain a cheapadh trí scrúdú nuachtlitreacha agus nuachtán Gaeilge, suas go dtí soláthar nuachta ar líne an lae inniu. Tá muid iontach sásta leis an taispeántas agus leis an leabhrán a d'fhás as an togra seo.'

Séamas Mac Aindreasa, John Killen, Mary Delargy, Janet Muller & Fionntán De Brún

Léiríonn *Súil Charad,* scéal foilseacháin i nGaeilge, ón 18ú hAois go dtí an lá atá inniu ann. Chuir John Killen, Príomh-leabharlannaí na leabharlainne, fáilte roimh an taispeántas, ag rá gur acmhainn bhreise, fhiúntach í seo, a chuireann le cartlann na leabharlainne féin.
Sheol an Dr. Fionntan de Brún, Ollscoil Uladh, an taispeántas agus leabhrán go hoifigiúil. Dúirt sé, 'Is taifead iontach é, *Súil Charad* d'fhás agus d'fhorbairt na Gaeilge thar 200 bliain.'
Is é Séamus Mac Aindreasa, Oifigeach Forbartha le POBAL a rinne an taighde don taispeántas. Dúirt sé, 'Tá scéal na nuachtáin agus nuachtlitreacha seo an-tábhachtach. Ba iad an táthán, nó an glé, a choinnigh le chéile pobal na Gaeilge agus é ag fás aníos.'

Thug Mary de Largy, Ollscoil Uladh, Coláiste Mhic Aoidh, Doire, léacht na hócáide, agus mhol sí an smaoineamh, stair na Gaeilge a léiríodh tríd nuachtáin agus nuachtlitreacha. Rinne sí comparáid idir na hirisí atá ar fáil sa lá atá inniu ann, agus an chéad iris i nGaeilge a foilsíodh i mBéal Feirste, *Bolg an Tsolair*. Dúirt sí, 'Tá paidreacha agus ceolta, agus gach eile sort rud ann, agus sin go fóill mar a bhíos na hirisleabhair - meascán, scéal gairid nó alt beag ag cur síos ar shaol phobal na Gaeilge.'
Mhol sí go hard an obair a bhí déanta ag POBAL, agus dúirt sí go raibh sí fíor-bhródúil tacaíocht a thabhairt don seoladh i leabharlann Halla an Línéadaigh. Dúirt sí, 'Is áit thar a bheith stairiúil í seo, Leabharlann Halla an Línéadaigh a bhfuil baint aici le stair na cathrach, agus go mór, mór le stair na nÉireannach Aontaithe agus le hábhair an taispeántais atá a sheoladh againn inniu.'
Beidh an taispeántas i Leabharlann Halla an Línéadaigh ar feadh seachtaine agus ansin beidh sé ar chamchuairt go roinnt mhaith suíomhanna eile, Doire, Baile Átha Cliath, Tír Chonaill agus Ard Mhacha uilig san áireamh.

John Killen ag caint leis an lucht féachana

'Súil Charad' Exhibition

There was high praise for the exhibition and booklet, *Súil Charad*, by POBAL, the Irish language advocacy group, when it was launched in Belfast's Linenhall Library on 19/5/11. Janet Muller, Chief executive of POBAL, said, 'POBAL decided to capture part of the development of the Irish language over a few hundred years by looking at newsletters and newspapers in Irish, up to the wide choice of news available online today. We are very pleased with this exhibition and the booklet which grew from the project.'
Súil Charad tells the story of Irish language publications, from the 18th Century to the present day. John Killen, head Librarian of the library, welcomed the exhibition, saying it was an additional, worthwhile addition to their own catalogue.

Duine den lucht féachana

Dr. Fionntan de Brún, University of Ulster, officially launched the exhibition and booklet. He said, '*Súil Charad* is a wonderful record of the growth and development of the Irish language over 200 years.'
Séamus Mac Aindreasa, Development Officer with POBAL, carried out the research for the exhibition. He said, 'The story of these newspapers and newsletters is very important. They were the cement, the glue, which held together the Irish speaking community as it grew.'
Mary de Largy, University of Ulster, Magee College, Derry, gave the launch lecture, and she praised the idea of telling the history of the Irish language through newspapers and newsletters. She made the comparison between the magazines available today, and the very first Irish language magazine published in Belfast, *Bolg an Tsolair*. She said, 'There are prayers and songs, and all other sorts of things in it, and that is still how magazines are – a mixture, short stories or small articles describing the lives of the Irish speaking community.'
She praised the work done by POBAL, and said she was very proud to have been able to contribute to the launch in the Linenhall Library. She said, 'This is a very historical place, the Linenhall Library, which has to do with the history of the city, and very much with the United Irishmen, and with the content of the exhibition we are here to launch today.'
The exhibition will be on display in the Linenhall Library for one week and will then go on tour to many other venues, Derry, Dublin, Donegal and Armagh amongst them.

Tuilleadh eolais: 02890 438132 nó oforbartha2@pobal.org
Aonad 6, Teach Uí Chorráin, Ionad an Dá Spuaic, 155 Sráid Northumberland, Beal Feirste, BT13 2JF